

Obair Bhaile

Suíomh: Bord na cistine. Cailín naoi mbliana ag déanamh a cuid obair bhaile le cabhair a máthair.

Mam: Raidht a Orla, **tá sé in am tús a chur leis an obair bhaile.**

An bhfuil puinn le déanamh agat tráthnóna?

Right Orla, it's time to start the homework. Do you have much to do this evening?

Orla: Níl ana chuid againn. Tá Mata, litriú Gaelainne agus léitheoireacht Ghaelainne agus Béarla le

déanamh agam.

We don't have that much. We have maths, Irish spelling and reading and we have English too.

Mam: An bhfuil scríbhneoireacht le déanamh agat? *Any writing to do?*

Orla: Ó sea, tá abairtí as Gaelainn leis. Ó agus caithfidh mé **taighde a dhéanamh ar shonraí** mar gheall ar an bhFrainc ar an idirlín. An bhfuil cead agam an ríomhaire a úsáid?

Oh yeah, we have sentences to do in Irish. Oh, and I have to research facts about France on the internet. Can I use the computer?

Mam: Is féidir is dócha. Ach caithfidh tú a bheith ana ana chúramach leis. Is féidir liomsa cabhrú leat pé scéal é.

I suppose so. But you have to be very, very careful with it. I can help you anyway.

Déanfaimid an Mata ar dtús agus ansan b'fhéidir na habairtí agus ansan an léitheoireacht. *We'll do the maths first and then maybe the sentences and then the reading.*

Cad a cheapann tú? *What do you think?*

Orla: Sin é a Mham. Déanfaimid an mata I dtosach mar **sin an ceann is deacra domsa.**

That's it Mom. I'll do the maths first, that's the most difficult one for me.

Tosnaíonn Orla ar an obair bhaile. Orla begins to homework.

Mam: Álruidht. Anois **conas atá ag éirí leat a stóir?** *Alright. How are you getting on there love?*

Scaoileann Orla osna amach. Orla sighs.

Orla: Ok is dócha. Bheinn i bhfad níos tapúla dá bhféadfainn an t-áireamhán a úsáid. An féidir liom a Mham? *Ok I suppose. I'd be much faster if I could use the calculator. Can I Mom?*

Mam: Á Orla, ní gá duit an t-áireamhán a úsáid. Tá sé i bhfad níos fearr do cheann fhéin a úsáid, pé scéal é bheadh do mhúinteoir ana chrosta leat mar níl aon chead agat é a úsáid.

Cabhródsá leat. Suimiú nó dealú?

Ah Orla, you don't need to use the calculator. It's better to use your own mind, anyway the teacher would be very cross with you because you are not allowed to use it. Let me help you. Adding or subtracting.

Orla: An dá cheann a Mham. Orla: *Both Mom.*

Mam: Raidht, fan go gcífidimid. Anois, trí mhéadar agus caoga sé ceintiméadar móide dhá mhéadar agus caoga sé ceintiméadar. Sin.... bhuel... an mó ceintiméadar i méadar?
Right, let's see. Now, three meters and fifty six centimetres plus two meters and fifty six centimetres. That's.... well... how many centimetres in a meter?

Orla: An bhfuil céad ceintiméadar i méadar amháin? *Are there a hundred centimetres in a meter?*

Mam: Sin é é, ana chailín. An bhfuil sé agat? *That's it! Great girl. Do you have it?*

Orla: Is dóigh liom. Caoga sé ceintiméadar agus caoga sé ceintiméadar sin méadar agus dhá ceintiméadar déag agus móide cúig mhéadar eile sin sé mhéadar agus dhá ceintiméadar déag.

I think so. Fifty six centimetres and fifty six centimetres that's one meter and twelve centimetres. Plus another five centimetres, that makes six meters and twelve centimetres altogether. Right?

Mam: Ana chailín. Sin é é. **Ná dúirt leat go bhféadfá é a dhéanamh gan aon chabhair uaimse!!**

That's it! I told you, you could do it yourself without my help!

Lean ort anois. Cad é an chéad cheann eile? *Keep at it now. What's the next one?*

Orla: Naoi méadar lúide trí mhéadar agus ceithre ceintiméadar déag, sin sé mhéadar agus ochtú sé ceintiméadar?
Nine meters minus three meters and fourteen centimetres. That's six meters and eighty six centimetres?

Mam: Nach mór i gceart. Féach ar na méadair arís(t). *Almost there. Look again at the meters.*

Orla: Ó gan dabht...! Dhearúdas an haon a bhreith liom!!

Oh of course...! I forgot to carry the one!

Mam: **Ana chailín**, sin é agat é a stór! An bhfuil puinn eile agat?

There you have it love! Do you have much more?

Orla: Ceann amháin eile. Teastaíonn uaim an ceann seo a dhéanamh gan aon chabhair.

One more. I want to do this one without any help.

Mam: Ó Bhuel, ní chloisfidh tú faic uaimse!!! *Well, you won't hear any objection from me!*

Eiríonn le hOrla an mata a chríochnú. Orla manages to finish the Maths.

Orla: Sin é a Mham! Mata críochnaithe. Abairtí anois.

That's it Mom! Maths finished. Now sentences.

Osclaíonn sí an cóipleabhair Gaelainne. She opens her Irish copybook.

Orla: Abairtí leis na focail “fuinneog”, “míol mór” agus “Cluichí Oilimpeacha”.
Sentences with the words: window, whale and Olympic Games.
Fuinneog, sin fuirist. Bhris Mam an fhuinneog leis an liathróid.
Window, that’s easy. Mom broke the window with the ball.

Mam: Ó sea...go raibh míle maith agat!! Beidh na múinteoirí ag cuimhneamh nach bhfuil aon mhaitheas ionam in aon chor!!
Oh yeah.... thanks a bunch! The teacher is doing to think I’m no good!

Tosnaíonn Orla agus Mam ag gáire. Mom and Orla laugh

Orla: Chonaic mé míol mór ar mo laethanta saoire. *I saw a whale on my holidays.*

Mam: Ana dheas. *Very nice.*

Orla: A Mham, cad é an tríú bonn ins na Cluichí Oilimpeacha?
Mom, what’s the third medal in the Olympic Games?

Mam: Bonn cré-umha. Bronze.

Orla: Conas a litríonn tú é sin? *How do you spell it?*

Mam: B-o-n-n c-r-é u-m-h-a. *B-r-o-n-z-e*

Orla: Ní bhuafaidh Mam bonn cré umha riamh ins na Cluichí Oilimpeacha.
Mom won’t win a bronze medal in the Olympic Games ever.

Tosnaíonn Orla ag gáire arís. Orla begins to laugh again.

Mam: Ó a Thiarna, **tá Mam á fháil ó bhonn inniu** leis na h-abairtí. Mam bhocht!!!
Seo linn, **táimid nach mór ann.** Ó léitheoireacht anois nach ea?
Oh dear! Mom is really getting a bashing in the sentences today. Poor Mom!
Let’s go, we are almost there. Reading now, is it?

Orla: Sin é a Mham. An féidir liom dul amach ar mo rothar nuair atáim críochnaithe?
That’s it Mom. Can I go out on my bike when I’m finished?

Mam: **Sin smaoinreamh iontach.** Cén léitheoireacht atá agat? An ceann seo?
That’s a wonderful idea. What reading do you have? This one?

Orla: Is irisleabhar é atá ar scoil againn. Fíor irisleabhar a Mham agus táim in ann é a léamh mé féin
It’s a magazine we have at school. A real magazine Mom and I’m able to read it myself.

Mam: Ó Seo leat mar sin. *Off you go then.*

Orla: Is píosa é mar gheall ar dhoirteadh ola. *It's a piece about an oil spill.*

Mam: Ó déanann sé sin díobháil uafásach!!! *Oh that causes terrible damage.*

Orla: Tá's agam a Mham. Fan go gcloisfidh tú. *I know Mom. Wait until you hear about it.*

Tosnaíonn Orla ag léamh. Bíonn sí ag streachailt le roinnt focail ach ar an iomlán tá sí á dtabhairt leí go maith. Orla begins to read. She stumbles over some words but overall she's a good reader.

Orla begins to read. She stumbles over some words but overall she's a good reader.

Orla: Tharla an doirteadh ola is mó le blianta beaga anuas i Meiriceá le déanaí.
The biggest oil spill in recent years has occurred in America.

Mam: Ana chailín. *Good girl.*

Orla: Tá foireann ag obair air faoi láthair chun é a ghlanadh. *There's a team working on the clean up at the moment.*

Mam: Ana chailín. *Good girl*

Orla: Tá foireann ag obair air faoi láthair chun é a ghlanadh. *There's a team working on the clean up at the moment.*

Mam: Ana chailín. *Great girl*

Orla: Thosnaigh sé Dé hAoine seo chaite. *It started last Friday.*

Mam: Seo Caite.

Orla: Fuair éisc bás. *Lot's of fish have died.*

Mam: Ana mhaith. *Very good.*

Orla: **Rinne** sé damáiste do thránna ...

Mam: Do thránna

Orla: Do thránna a bhí cóngarach don doirteadh. *The beaches near the spillage have been damaged.*
Chuaigh thart ar 477,000 lítear d'ola isteach san... *About 477,000 litres of oil have spilled into the...*

Mam: Aigéan...Ocean

Orla: Aigéan Ciúin. *Pacific Ocean.*

Mam: **Ana mhaith.** *Very good.*

Tá na gardaí cósta ag iarraidh an ola a ghlanadh agus stop a chur leis an ola.

The Coast Guard is working on the clean up at the moment and trying to stop the spillage.

Mam: Ana mhaith. *Very good*

Orla: Tá an ola ag scaipeadh fós. Tá go leor ola bainte cheana féin ach beidh níos mó oibre ag teastáil chun an áit a chur i gceart. *The oil is still spreading. They've managed to remove some of it but there is still a lot to do to put things right.*

Mam: Orla!!! Tá sé sin go diail ar fad!! **Tá tú tagtha chun cinn chomh mór. Ardbhean!
Mo cheol thú!**
That's wonderful! You have greatly improved! Good woman! You are fantastic!
An bhfuil tú chomh maith céanna leis an mBéarla? *Are you as good in English?*

Orla: Tá. *Yes*

Mam: Bhuel, seo linn mar sin leis an mBéarla agus beimid críochnaithe ansan is féidir leat imeacht amach ag rothaíocht! *Let's go then and do the English and then we'll be finished and you can go outside cycling.*

Gluais/Glossary

Tá sé in am tús a chur leis an obair bhaile.	It's time to start the homework.
An bhfuil puinn le déanamh agat tráthnóna?	Do you have much to do this evening?
Taighde a dhéanamh ar shonraí.	Research facts.
Sin an ceann is deacra domsa.	That's the most difficult one for me.
Conas atá ag éirí leat ansan a stór?	How are you getting on there, dear?
Cabhrósa leat.	I'll help you.
Ná dúirt leat go bhféadfá é a dhéanamh gan aon chabhair uaimse	I told you you could do it without my help.
Lean ort.	Keep going.
Tá Mam á fháil ó bhonn inniu.	Mam is really getting it today!
Ana chailín	Good girl
Ana mhaith	Very good
Táimid nach mór ann.	We're nearly there.
Sin smaoineamh iontach.	That's a wonderful idea.
Tá tú tagtha chun cinn go mór.	You have improved greatly.
Ardbhean!	Great woman!
Mo cheol thú!	You are wonderful.